# Clár Fótavoltachais Scoileanna (dá ngairtear painéil ghréine de ghnáth)

*(An nuashonrú is deireanaí ar an gcáipéis in Aibreán 2024)*

## 1. Réamhrá

Clár déabhlóidithe atá sa Chlár Fótavoltachais Scoileanna. Ciallaíonn sé sin go dtabharfar maoiniú ón Roinn d'údaráis scoileanna le go ndéanfaidh conraitheoir cláraithe painéil ghréine a shuiteáil faoi threoir ón Roinn.
Clár céimnithe a bheidh sa Chlár Fótavoltachais Scoileanna. Cuirfear tús leis i Samhain 2023.

## 2. Oibreacha Incháilithe

Clúdófar leis an maoiniú 6kW de phainéil ghréine dín, sin timpeall 16 phainéal gréine - chomh maith leis na hinbhéartóirí, an cáblú, etc. lena mbaineann chun na painéil a nascadh le clár príomhlíonra dáileacháin leictreachais na scoile.

Féadfar maoiniú a chur ar fáil chomh maith le haghaidh mionoibreacha cumasúcháin, cuir i gcás mionathruithe naisc ar an gclár príomhlíonra dáileacháin leictreachais.

Beidh an nasc leis an eangach mar chuid den mhaoiniú ionas go mbeifear in ann fuinneamh gréine in-athnuaite breise a ghinfear a easpórtáil chun na heangaí agus scoileanna druidte.

Tabharfar bogearraí monatóireachta do gach scoil chomh maith le monatóir taispeána scáileáin réidh a chuirfear in áit lárnach sa scoil ionas go mbeidh daltaí agus baill foirne in ann breathnú ar an bhfuinneamh a ghinfear gach lá. Beidh pobal na scoile in ann an fhaisnéis seo a úsáid sa timpeallacht teagaisc agus foghlama.

Ní bheifear in ann maoiniú a fháil faoin gclár seo le haghaidh stóráil cadhnraí ná atreodóirí cumhachta.

Beidh sé seo ar an gcéad chlár soláthair caipitil dá leithéid a chuirfear i bhfeidhm leis an Mol Scoileanna chun gach leas a bhaint as cumarsáid dhá threo idir scoileanna agus an Roinn. Ar ardán an Mhoil beidh próisis iarratais agus faofa ann a bheidh soiléir agus

éifeachtúil ionas agus iarratas á dhéanamh ag scoileanna ar an gClár Fótavoltachais Scoileanna.

Gheobhaidh scoileanna cuireadh ríomhphoist chun bheith páirteach sa scéim. Beidh sonraí logála isteach don Mhol Scoileanna mar chuid den teachtaireacht ríomhphoist sin.

Tá an t-eolas ar fad maidir le hincháilitheacht scoileanna agus treoir faoin gclár ar fáil ach cliceáil anseo.

## 3. An cháin bhreisluacha (CBL) ar sholáthar agus suiteáil painéal gréine

Ón 1 Eanáir 2024, beidh feidhm leis an ráta nialasach i gcás soláthar agus suiteáil painéal gréine ar earraí dochorraithe, ar scoileanna aitheanta iad.
Chuirtí an ráta laghdaithe i bhfeidhm nuair nach raibh na painéil ghréine ní ba mhó ná dhá thrian de luach iomlán an tsoláthair.

- Má tá feidhm le bheith leis an ráta nialasach, caithfear soláthar agus suiteáil na bpainéal gréine titim faoi fhreagracht an ghnólachta chéanna mar chuid den soláthar céanna (is é sin conradh soláthair agus suiteála)
- Beidh an ráta caighdeánach i gceist le soláthar na bpainéal gréine mura mbíonn conradh suiteála i bhfeidhm mar chuid de sholáthar na n-earraí. Is féidir an ráta laghdaithe a chur i bhfeidhm i gcás shuiteáil na bpainéal gréine (faoi réir na rialach maidir le dhá thrian) má bhíonn conradh suiteála eile faoi leith ann.
- Trealamh coimhdeach a ghabhann le painéil ghréine: tá feidhm leis an ráta nialasach i gcás trealamh coimhdeach a sholáthraítear agus a shuiteáiltear leis na painéil ghréine mar chuid den chonradh soláthair agus suiteála a ghabhann leis na painéil ghréine féin, cuir i gcás an sreangú, an rialtán, na cadhnraí, etc.

*Tuairisceán CBL: Má bhíonn an ráta nialasach i bhfeidhm, ní gá don bhord CBL a thabhairt ar ais do na Coimisinéirí Ioncaim ar na sonraisc iomchuí.*

**Sampla 1:** Déanann Cuideachta A painéil ghréine a sholáthar. Ní dhéanann an chuideachta painéil ghréine a shuiteáil, áfach.
Tá soláthar na bpainéal gréine faoi réir an ráta chaighdeánaigh.

**Sampla 2:** Déanann Cuideachta B painéil ghréine a sholáthar agus a shuiteáil i scoileanna aitheanta.
Tá soláthar agus suiteáil na bpainéal gréine faoi réir an ráta nialasaigh.

**Sampla 3:** Déanann Cuideachta C painéil ghréine a sholáthar agus a shuiteáil i scoileanna aitheanta. Tugann Cuideachta C an tseirbhís suiteála ar fochonradh do thríú páirtí, sin Cuideachta Y.
Tá soláthar agus suiteáil na bpainéal gréine ag Cuideachta C faoi réir an ráta nialasaigh. Tá na seirbhísí suiteála a chuireann an fochonraitheoir Cuideachta Y ar fáil do Chuideachta C faoi réir an ráta laghdaithe.

***Tá tuilleadh eolais ar fáil i Lámhleabhar Cánach agus Dleachta na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le Soláthar agus Suiteáil painéal gréine***

## 4. Cáin Conarthaí Iomchuí (CCI)

Tá sé tábhachtach go mbeidh boird ar an eolas maidir leis na hoibleagáidí orthu i dtaca le Cáin Conarthaí Iomchuí (CCI) agus go mbeidh tuiscint acu ar na hoibleagáidí sin. Bheadh an obair a theastódh chun painéil ghréine a shuiteáil (féach gluais na dtéarmaí in Aguisín 1) taobh istigh de raon feidhme CCI. Mar sin, ní mór don bhord fógra conartha agus fógraí íocaíochta a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim. Achoimre ar na gníomhartha riachtanacha:

- Na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas faoin gconradh sula gcuirtear tús leis na hoibreacha (Fógra Conartha).
- Na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas sula ndéantar aon íocaíocht leis an gconraitheoir (Fógra Íocaíochta).
- Údarúchán Asbhainte a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim ar a sonrófar an cháin a asbhainfear ón gconraitheoir foirgníochta.
- Cóip den Údarúchán Asbhainte a thabhairt don chonraitheoir.
- An méid cánach is infheidhme a asbhaint ó na híocaíochtaí atá dlite don chonraitheoir.
- Tuairisceáin CCI a chur isteach agus an méid asbhainte (más ann dó) a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim.

***Is féidir*** cliceáil anseo chun dul chuig tuilleadh eolais maidir le Cáin Conarthaí Iomchuí.

## 5. Cur chuige Cuntasaíochta le haghaidh Painéil Ghréine

Leagtar amach thíos na cóid ainmniúla atá le húsáid chun cuntas a thabhairt ar an deontas a fuarthas, caiteachas an deontais agus aon iarmhéid nár caitheadh.

**Ba cheart rannóg nua a shocrú sa phacáiste cuntais le haghaidh na bpainéal gréine.**

### 5.1 Nuair a fhaightear ioncam an deontais

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur síos |
|---|---|---|---|
| Airgead Deontais Faighte | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha |
| | CR | 2171 | Deontas imfhálaithe eile nár caitheadh Dliteanas Reatha |

### 5.2 Nuair a dhéantar an t-earra a cheannach

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Earra Ceannaithe | DR | 3940 | Caipiteal: Costas Deontais Caipitil Tógála RO Ranníocaíocht le Sócmhainní Seasta |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha |
| **Gníomh** | **DR/CR** | **Cód Ainmniúil** | **Cur Síos** |
| An deontas a caitheadh á aistriú chuig na Cúlchistí Caipitil | DR | 2171 | Deontas imfhálaithe eile nár caitheadh Dliteanas Reatha |
| | CR | 3900 | Ioncam Deontais Foirgníochta Caipitil RO Ranníocaíocht le Sócmhainní Seasta |

### 5.3 Cuntasaíocht d’iarmhéid an deontais nár caitheadh fós

Deontas imfhálaithe atá sa deontas le haghaidh painéil ghréine. Ní mór an t-iarmhéid nár caitheadh ag deireadh na bliana a réiteach agus cuntas a thabhairt air faoi chód ainmniúil 2171 ‘Deontais Imfhálaithe Eile nár Caitheadh’.

**Aguisín A Cuid den Ghluais téarmaí**

| | |
|---|---|
| Oibreacha cumasúcháin | Mionoibreacha a theastaíonn ar bhonneagar reatha na scoile chun an córas fótavoltachais gréine a shuiteáil nó a nascadh. Go ginearálta, cuirfidh an chuideachta fótavoltachais mionoibreacha i gcrích. Ní chuirfidh a leithéid leis an tsuiteáil ó thaobh ama ná costais de. |
| Oibreacha bonneagair | Oibreacha a theastaíonn ar bhonneagar reatha na scoile sular féidir cóiriú fótavoltachais a shuiteáil agus/nó a nascadh. |
| Córas ríomhaire gréine | Na comhpháirteanna, an sreangú agus na comhéadain leictreacha ar fad atá mar chuid den ghineadóir fótavoltach gréine. |
| Oibreacha Bonneagair Tacaíochta | Oibreacha a theastaíonn ar bhonneagar reatha na scoile sular féidir cóiriú fótavoltachais a shuiteáil agus/nó a nascadh. Tá oibreacha bonneagair tacaíochta níos suntasaí ná oibreacha cumasúcháin. Tá seans ann go mbeidh tréimhse shuntasach agus/nó costas suntasach i gceist chun iad a chur i gcrích. Níl oibreacha bonneagair tacaíochta á maoiniú faoin gClár Fótavoltachais Scoileanna. |

***Níl le déanamh ach*** *cliceáil anseo* don ghluais iomlán téarmaí.